C/2024/2194

14.3.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11392 — GLENCORE / TECK (SÓCMHAINNÍ GUAIL))

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/2194)

1. An 7 Márta 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Glencore plc ('Glencore', Geirsí),

— Sócmhainní guail, atá lonnaithe i gCeanada, Teck Resources Limited ('Teck', Ceanada) ('Sócmhainní Guail', Ceanada).

Gheobhaidh Glencore rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Shócmhainní Guail Teck ina n-iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

(2) Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta acmhainní nádúrtha é Glencore atá gníomhach i dtáirgeadh breis agus seasca tráchtearra,

— Táirgeann agus soláthraíonn na Sócmhainní Guail, atá lonnaithe in British Columbia, Ceanada, gual cóic agus, ar mhéid níos lú, gual teirmeach. Tá na Sócmhainní Guail á rialú faoi láthair ag Teck, ar cuideachta í a dhéanann gníomhaíochtaí mianadóireachta agus gníomhaíochtaí gaolmhara, lena n-áirítear taighde, taiscéalaíocht agus forbairt, próiseáil, bruithniú, scagadh agus díol acmhainní nádúrtha.

(3) Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

(4) Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

(M.11392 — GLENCORE / TECK (SÓCMHAINNÍ GUAIL)

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË